

**Iar-bhunscoileanna – ceannaireacht agus bainistiú****RÉIMSE 2: AN EAGRAÍOCHT A BHAINISTIÚ**

CAIGHDEÁIN	RÁITIS AR CHLEACHTAS ÉIFEACHTACH	RÁITIS AR CHLEACHTAS AN-ÉIFEACHTACH
<p><b>Timpeallacht foghlama atá eagraithe, sábháilte agus sláintiúil a chur ar bun, agus an timpeallacht sin a chothú trí chumarsáid éifeachtach</b></p>	<p>Cinntíonn an príomhoide agus ceannairí eile sa scoil go bhfuil beartais, nósanna imeachta agus cosaintí cuí i bhfeidhm le cosaint phríobháideacht an duine aonair, na rúndachta agus úsáid shábháilte teicneolaíochtaí digiteacha agus sonraí a chinntiú le haghaidh gach aon duine de phobal na scoile.</p>	<p>Déanann an príomhoide agus ceannairí eile sa scoil maoirseacht ar bheartais, nósanna imeachta agus cosaintí cuí agus ábhartha a chur i bhfeidhm, a chur in iúl agus a athbhreithniú maidir le cosaint phríobháideacht an duine aonair, na rúndachta agus úsáid shábháilte teicneolaíochtaí digiteacha agus sonraí le haghaidh gach aon duine de phobal na scoile.</p>
<p><b>Acmhainní daonna, fisiciúla agus airgeadais na scoile a bhainistiú chun eagraíocht foghlama a chruthú agus a chothú</b></p>	<p>Cinntíonn an príomhoide agus ceannairí eile sa scoil go bhfuil próisis i bhfeidhm maidir le soláthar, cothabháil, idir-inoibritheacht agus slándáil an bhonneagair dhigitigh le haghaidh foghlaim, teagasc agus measúnú éifeachtach.</p> <p>Cinntíonn an bord bainistíochta soláthar agus cothabháil acmhainní agus trealamh an teagaisc dhigitigh ar chaighdeán ard.</p> <p>Rinneadh spásanna foghlama fisiciúla a dhearadh nó a chur in oiriúint chun tairbhe a bhaint as úsáid raon teicneolaíochtaí digiteacha don fhoghlaim agus an úsáid sin a bharrfheabhsú.</p>	<p>Déanann an príomhoide agus ceannairí eile sa scoil athbhreithniú, planáil agus maoirsiú straitéiseach ar sholáthar, cothabháil, idir-inoibritheacht agus slándáil an bhonneagair dhigitigh le haghaidh foghlaim, teagasc agus measúnú éifeachtach.</p> <p>Cinntíonn an bord bainistíochta soláthar agus cothabháil acmhainní agus trealamh an teagaisc dhigitigh ar chaighdeán an-ard.</p> <p>Rinneadh spásanna foghlama fisiciúla a dhearadh nó a chur in oiriúint chun tairbhe a bhaint as úsáid raon teicneolaíochtaí digiteacha agus an úsáid sin a bharrfheabhsú, chun go mbeidh rochtain ar réimse leathan uirlisí digiteacha ábhartha, ábhair agus seirbhísí i suíomhanna foghlama ar féidir iad a chumrú ar bhealach solúbtha.</p>
<p><b>Cásanna casta dúshlánacha a bhainistiú ar bhealach ina léirítear an comhionannas, an chothroime agus an ceartas</b></p> <p>Agus beartais maidir le húsáid teicneolaíochtaí digiteacha á gcur i bhfeidhm, aithníonn an príomhoide agus ceannairí eile sa scoil cásanna dúshlánacha nuair a thagann siad chun cinn agus bíonn réitigh shásúla á lorg acu ar na fadhbanna sin.</p>	<p>Cothaíonn an príomhoide agus ceannairí eile sa scoil dearcadh dearfach i leith úsáid teicneolaíochtaí digiteacha, agus spreagann siad idirghníomhaíochtaí measúla ar gach leibhéal laistigh de phobal na scoile.</p>	<p>Agus beartais maidir le húsáid teicneolaíochtaí digiteacha á gcur i bhfeidhm, bíonn an príomhoide agus ceannairí eile sa scoil eolach ar chásanna a d'fhéadfadh a bheith dúshlánach. Bíonn siad ag saothrú go réamhghabhálach agus go héifeachtach chun na cásanna sin a bhainistiú, agus glacann siad cur chuige atá dírithe ar réitigh.</p> <p>Déanann an príomhoide agus ceannairí eile sa scoil cultúr láidir den tsaoránacht dhigitreach a léiriú agus a fhorbairt ina gcothaítear cómhuintín agus cuntasacht chomhroinnte le idirghníomhaíochtaí measúla ar gach leibhéal laistigh de phobal na scoile.</p>

<p><b>Córas a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun cuntasacht agus freagracht ghairmiúil a chur chun cinn</b></p> <p>Cinntíonn an príomhoide agus ceannairí eile sa scoil go gcuimsítear úsáid éifeachtach teicneolaíochtaí digiteacha don fhoghlaim, don teagasc agus don mheasúnú in athbhreithniú na múinteoirí ar a gcleachtas féin.</p>		<p>Déanann an príomhoide agus ceannairí eile sa scoil cultúr a chur chun cinn d'athbhreithniú aonair agus comhoibríoch ar úsáid teicneolaíochtaí digiteacha don fhoghlaim, don teagasc agus don mheasúnú, mar chuid de phróiseas éifeachtach i leith na cuntasachta gairmiúla.</p>
---	--	--